

Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí

Treoirínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe

An Clár Ábhar

An Réamhrá	5
Próisis Amharc-ealaíne a thuiscint	6
Bunfhoinsí:	6
Forbairt Smaointe:	6
Forbairt scileanna:	6
Bloc sceitseála Amharc-ealaíne:	7
Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta	8
An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh	8
Neamhspleáchas na scoile chun an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe	10
An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích	10
Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh	11
Measúnuithe Rangbhunaithe in Amharc-ealaín	12
Measúnú Rangbhunaithe 1: Ó Phróiseas go Cur i gcrích	14
Ullmhúchán	18
Ullmhúchán an scoláire	18
Ullmhúchán an mhúinteora	18
Scoileanna ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin	19
Scoileanna ina bhfuil múinteoir ealaíne amháin	19
Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích: Ó Phróiseas go Cur i gcrích	20
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Ó Phróiseas go Cur i gcrích	23
Na Gnéithe Cáilíochta	23
Na chéad chéimeanna eile	25
Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	25
Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú	26
Aiseolas a úsáid	27
Toradh a cheistiú	27

Measúnú Rangbhunaithe 2: Cuir in iúl agus Déan Machnamh	28
Ullmhúchán	31
Ullmhúchán an scoláire	32
Ullmhúchán an mhúinteora	32
Scoileanna ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin	33
Scoileanna ina bhfuil múinteoir ealaíne amháin	33
Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Cuir in iúl agus Déan Machnamh	35
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Cuir in iúl agus Déan Machnamh	37
Na Gnéithe Cáilíochta	37
Na chéad chéimeanna eile	39
Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	39
Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thairiscíú agus a thuairisciú	40
Aiseolas a úsáid	40
Toradh a cheistiú	41
An measúnú deiridh stát-deimhnithe	41
Aguisín A: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	42
Aguisín B: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Tuairisc an Éascaitheora	46
Aguisín C: Foirm Shamplach Cuir in iúl agus Déan Machnamh	48

An Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe:

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an dá Mheasúnú Rangbhunaithe a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht churaclaim d'Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfeadh leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- Treoirlínte don scoil agus don mhúinteoir maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.

Ba cheart na treoirlínte a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim d'Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí agus leis an bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú don tsraith shóisearach, ina bhfuil tuilleadh sonraí faoin bpróiseas Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus faoi na gnéithe eile den mheasúnú don tsraith shóisearach a leagtar amach sna treoirlínte seo.

Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad ar <http://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Visual-Art>.

Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ar <https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>

Beidh na teoracha ar fad don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe i dtreoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Beidh sí ar fáil don scoláire i rith an tríú bliain den tSraith Shóisearach ar www.examinations.ie.

Próisis Amharc-ealaíne a thuiscint

Is cuid bhunúsach d'aidhmeanna na sonraíochta Amharc-ealaíne go bhfaigheadh an scoláire “taithí ar na próisis bharántúla a bhaineann le hamharc-ealaín a shamhlú, a iniúchadh, a thriail, a dhéanamh, a thaispeáint agus a mheasúnú.”

Seo a leanas ceithre ghné thábhachtacha a bhaineann le baint amach an mhéid sin, gnéithe atá fite fuaite ina chéile – plé le bunfhoinsí, forbairt smaointe, forbairt scileanna agus úsáid as an mbloc sceitseála Amharc-ealaíne.

Tosaíonn an próiseas cruthaitheach seo tar éis do dhalta freagairt do spreagthach.

Bunfhoinsí:

Foinsí fisiciúla nó coincheapúla atá i mbunfhoinsí, a mbreathnaítear orthu ina staid bhunaidh agus nach scagtar trí léirmhíniú duine eile orthu.

Tá ról lárnach ag bunfhoinsí agus obair ealaíne á cruthú ag an scoláire agus tá sé riachtanach go mbainfí úsáid astu chun ealaín chruthaitheach a tháirgeadh. Tugann bunfhoinsí deiseanna don scoláire a bheith ag plé leis an domhan mórthimpeall air. Cuidíonn sé sin leis úinéireacht a ghlacadh ar a shaothar agus a shaothar a dhéanamh níos pearsanta. Ba cheart don scoláire bunfhoinsí a roghnú a oireann don téama a phiocann sé, ar mhaithe lena shaothar a fhorbairt.

Forbairt Smaointe:

Luaitear i Ráiteas Foghlama 23 sa Chreat don tSraith Shóisearach “[go d]tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú” – is cuid dhílis den chruthaitheacht i ndisciplín ar bith é an méid sin.

Caithfidh an múinteoir díriú ar straitéisí trína gcuirfear ar chumas an scoláire smaointe a fhorbairt go rathúil. Mar shampla, d'fhéadfadh an scoláire smaoineamh a fhorbairt de réir téama, trí ghnéithe stairiúla agus/nó comhaimseartha, trí ghnéithe fealsúnachta agus trí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna lena mbaineann i meáin dhifriúla.

Forbairt scileanna:

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire a chuid smaointe a chur in iúl i bhfoirm amhairc. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh sé na scileanna cuí a fhoghlaim le go mbeidh sé ábalta a chuid smaointe a bheachtú agus a chur in iúl.

Agus na scileanna sin á bhfoghlaim aige, gheobhaidh an scoláire tuiscint ar chumas agus ar theorainneacha na meán agus na dteicnící a mbaineann sé leas astu.

Bloc sceitseála Amharc-ealaíne:

Bailiúchán de smaointe, de phróisís agus d'obair, i bhfoirm fhisiciúil nó dhigiteach, nó meascán díobh, atá sa bhloc sceitseála Amharc-ealaíne. Taifead pearsanta an scoláire ar an turas cruthaitheach atá ann go bunúsach; cinnfidh an scoláire, i gcomhar lena mhúinteoir, an leagan amach a bheidh air. Tagrófar don bhloc sceitseála Amharc-ealaíne mar cháipéis aonair sna treoirlínte seo; d'fhéadfadh bloc sceitseála amháin nó níos mó a bheith i gceist leis sin, áfach. D'fhéadfadh líon na n-iontrálacha i mbloc sceitseála Amharc-ealaíne a bheith éagsúil ó cheann go ceann, ach fós féin beidh an obair ullmhúcháin agus an obair forbartha uile a theastaíonn san áireamh ann.

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar obair an scoláire leis na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Áirítear iad san fhad ama a thugtar don Amharc-ealaín, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoirlínte seo na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis na measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire do na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Níor cheart go gcuirfí na tuairisceoirí a bhronntar le haghaidh trialacha, obair baile nó tionscadail eile a dhéanann an scoláire mar chuid dá ghnáthobair ranga, ná aon aiseolas i dtaobh an tsaothair sin, san áireamh nuair atáthar ag bronnadh tuairisceora le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe.

An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe ann: *Thar barr ar fad*, *Os cionn na n-ionchas*, *Ag teacht leis na hionchais*, agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na nGnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an mhúinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba cheart don mhúinteoir na nGnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur cheart a thabhairt faoi deara nach dtugann aon cheann de na tuairisceoirí gnóthachtáil gan locht le fios, ba cheart go mbeadh fianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir don leibhéal sin sna nGnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba cheart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor cheart don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na nGnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte d'obair scoláirí a fhoilsítear ar *curaclam ar líne* le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán obair an scoláire, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeán agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Neamhspleáchas na scoile chun an scoláire a ullmhú do na

Measúnuithe Rangbhunaithe

Leagtar amach raon roghanna le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe sna treoirínte seo. Dá bharr sin is féidir dul leis na roghanna sin is fearr a oireann do chomhthéacs agus do dhálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe: tugtar *Ó Phróiseas go Cur i gcrích* ar an gcéad cheann acu agus bíonn sé ar siúl sa dara bliain; tugtar *Cuir in iúl agus Déan Machnamh* ar an dara ceann agus bíonn sé ar siúl sa tríú bliain. Pléitear leis an dá Mheasúnú Rangbhunaithe de réir cásanna.

Tagann cás chun cinn nuair a roghnaíonn an scoláire téama agus an snáithe/na snáitheanna Amharc-ealaíne lena mbaineann, a bheidh mar bhunús lena obair. Bíonn rogha téamaí ag an scoláire i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Ba cheart don scoláire teacht i dtír ar na rudaí a bhfuil spéis aige féin iontu agus ar na rudaí a spreagann é nuair a roghnaíonn sé an téama agus an snáithe. Ba cheart dó an rud céanna a dhéanamh ina dhiaidh sin nuair a bhíonn sé ag cruthú an tsaothair. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirínte seo, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na gcineálacha cur chuige sa dá Mheasúnú Rangbhunaithe a shocrú go neamhspleách.

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ar na bealaí seo a leanas:

- A chinntiú go dtugtar *an tSonraíocht Amharc-ealaín agus Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí: Treoirínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* don mhúinteoir
- Tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadh
- Taifid agus saothar a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Na treoirínte don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm

- Treoir a thabhairt don scoláire chun an Fhoirm Cuir in iúl agus Déan Machnamh a chomhlánú ag deireadh an dara Measúnú Rangbhunaithe le gur féidir leis tosú ar an obair don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe
- A chinntiú go bhfuil freagairt phearsanta bhunaidh an scoláire féin i gceist leis an obair
- Cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba cheart breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnaithe amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- Riachtanais an taise a shoiléiriú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- Treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil na measúnuithe a éascú
- Tacaíocht a chur ar fáil don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) aige.

Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Déanann scoileanna éascaíocht ar chleachtais mheasúnaithe chuimsithigh mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar chuid de na Measúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidmiú an scoláire sna Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht na dteicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socrúithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Measúnuithe Rangbhunaithe in Amharc-ealaín

Tá dhá Mheasúnú Rangbhunaithe in Amharc-ealaín. Déantar iad a mheas ar leibhéal comónta. Baineann siad le torthaí foghlama sonracha agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am teagmhála ranga de réir amchlár náisiúnta arna leagan amach ag CNCM. Cuirfear an tráthchlár le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhair ar fáil gach bliain ar www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach agus www.curriculumonline.ie/junior-cycle. Tá Measúnú Rangbhunaithe 1: *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*, bunaithe ar iniúchadh an scoláire ar théama trí cheann amháin de na snáitheanna a bhaineann leis an tsonraíocht Amharc-ealaíne. Tá Measúnú Rangbhunaithe 2: *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*, bunaithe ar iniúchadh an scoláire ar théama tríd an dá shnáithe eile den tsonraíocht. Ní mór snáithe amháin i gceachtar den dá Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích trí shaothar tríthoiseach. Ina theannta sin, ní mór don scoláire gnéithe na hAmharc-ealaíne a chuimsiú san obair ar fad a dhéanann sé. Tugtar breac-chuntas i dTábla 1 thíos ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus ar hamanna táscacha le haghaidh Amharc-ealaíne.

Measúnuithe Rangbhunaithe	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire
Ó Phróiseas go Cur i gcrích	Tionscadal aonair nó grúpthionscadal ina ndéanann an scoláire obair ar théama amháin as réimse téamaí a thugtar, ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar a smaointe tosaigh agus le saothar réadaithe a chruthú.	Le linn ceithre mhí ar a mhéad le tacaíocht/treoir ón múinteoir
Cuir in iúl agus Déan Machnamh	Tionscadal aonair ina roghnaíonn an scoláire téama amháin as réimse téamaí agus ina ndéanann sé obair ullmhúcháin lena cur i láthair a ranga ar mhaithe le plé agus aiseolas.	Le linn trí mhí ar a mhéad le tacaíocht/treoir ón múinteoir
An measúnú deiridh stát-deimhnithe	Bunaithe ar an anailís ar an aiseolas a fhaightear agus ar an machnamh ar an aiseolas sin, déanfaidh	Dhá dhéantúsán le meas ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit

	an scoláire an-chuid forbairt bhreise ar a smaointe agus cuirfidh sé dhá shaothar réadaithe i gcrích.	
--	---	--

Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh Amharc-ealaíne

Measúnú Rangbhunaithe 1: Ó Phróiseas go

Cur i gcrích

Tugann *Ó Phróiseas go Cur i gcrích* deis don scoláire taithí a fháil ar chur chuige a shamhlófaí le healaíontóir/ceardaí/dearthóir atá ag cleachtadh a ghairme. Is éard a bheidh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne, a dtugtar breac-chuntas air sa tsonraíocht seo, taifead ar a bharúlacha tosaigh, a smaointe, a bhunfhoinsí, a thaighde agus a iniúchadh ar theicnící agus dá bhreathnuithe, le linn dó a shaothar a fhorbairt. Bíonn tionchar díreach ag caighdeán obair taighde agus forbartha an scoláire ar chaighdeán deireanach a shaothair réadaithe. Is féidir leis an scoláire an chéad Mheasúnú Rangbhunaithe seo a chur i gcrích ar bhonn aonair nó i ngrúpa. I gcás go n-oibríonn an scoláire i ngrúpa, ba cheart gan ligean don ghrúpa éirí rómhór – triúr scoláirí ar a mhéad – ionas gur féidir le gach scoláire a chion a dhéanamh agus ionas gur féidir an obair agus na freagrachtaí a roinnt ar bhealach níos fearr. Maidir le hobair ghrúpa, caithfidh na tascanna uile a shanntar do na scoláirí a bheith cothrom agus fóna leis an obair a mbeidh na scoláirí ina bun a éascú. Tá sé tábhachtach freisin, ó thaobh mheasúnú na hoibre de, go ndéanfaidís rannpháirtíocht gach scoláire a éascú ionas go mbeidh na scoláirí in ann na critéir a leagtar amach sna Gnéithe Cáilíochta a chomhlíonadh.

Athróidh na téamaí le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 1 gach bliain agus déanfaidh CNCM iad a atheisiúint ar an leathanach ábhartha ar www.curriculumonline.ie

Leagtar amach i bhFíor 1 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích.



Fíor 1. An próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh

Tugtar trí théama don scoláire agus caithfidh sé ceann amháin díobh a phiocadh. Caithfidh an scoláire taighde, iniúchadh agus forbairt a dhéanamh ar smaointe d'fhonn saothar réadaithe atá bunaithe ar

an téama sin a chruthú. Caithfidh an scoláire an téama a chur i gcrích agus é ag plé le ceann amháin de na trí shnáithe Amharc-ealaíne. **Tabhair faoi deara gur samplaí iad na téamaí a liostaítear thíos.** Beidh na téamaí le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 1 ar fáil ar <http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Visual-Art> de réir an dáta tosaíthe a chuirtear in iúl i dTábla 3 thíos.

Is ríthábhachtach go mbaineann an scoláire leas as bunfhoinní, a oireann don téama a phiocann sé, mar spreagthach.

Téamaí (roghnaíonn an scoláire téama amháin ón liosta thíos)
1. Taiscí faoi cheilt
2. Solas agus scáth
3. Mo dhearcadhsa

Snáitheanna Amharc-ealaíne (roghnaíonn an scoláire snáithe amháin ón liosta thíos)
i. Ealaín
ii. Ceardaíocht
iii. Dearadh

Ba cheart go spreagfaí freagairt phearsanta bharántúil sa scoláire má tá sé in ann a rogha téama agus snáithe a phiocadh. Ba cheart go mbeadh taifead ar a smaointe tosaigh agus a thaighde mar chuid den bhloc sceitseála Amharc-ealaíne a chuireann an scoláire isteach, chomh maith le taifead ar a phróis agus a obair thrialach, iniúchta agus forbartha. Cuirfidh an scoláire a shaothar réadaithe isteach freisin.

Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 1, déanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:
<ul style="list-style-type: none"> ▪ A théama tosaigh agus bunfhoinní oiriúnacha a roghnú ▪ Taighde a dhéanamh ar a chuid smaointe agus iad a fhiosrú ▪ An snáithe Amharc-ealaíne trína nginfidh sé a shaothar réadaithe den chuid is mó a mheas ▪ A smaointe a fhorbairt tuilleadh dá shaothar réadaithe ▪ An obair agus na nótaí ar fad a thaifeadadh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne ▪ Gnéithe den Amharc-ealaín a chuimsiú i ngach cuid dá shaothar ▪ An saothar réadaithe a chur i gcrích

- Machnamh a dhéanamh ar a chinntí, ar a phróiseas agus ar a shaothar réadaithe

Cuirfear an saothar réadaithe agus an bloc sceitseála Amharc-ealaíne isteach faoi dheireadh mhí Aibreáin sa dara bliain. Maidir le gach snáithe, is iad seo a leanas na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*:

	EALAÍN		CEARDAÍOCHT		DEARADH	
Teanga Chriticiúil agus Amhairc	1.1	anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair duine eile, leis an bhfoclóir agus leis an eolas cuí	2.3	machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc	3.2	teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a dhearadh féin agus dearadh daoine eile a mhíniú
Líníocht	1.4	taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórthimpeall air a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú	2.4	a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú	3.4	treoir le haghaidh dearadh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí
	1.6	líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl	2.6	iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta ach líníocht agus déanamh mairc a chur i bhfeidhm go teicniúil agus go cruthaitheach	3.6	saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a líníochtaí
Cultúr agus Léirtheiscint Amhairc	1.7	modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú	2.7	Na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó roinnt ceardaíocht dhifriúil a shainnithint	3.7	Cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha

Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha	1.12	a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh	2.10	cur síos a dhéanamh ar ghnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha de réir mar a úsáidtear iad i roinnt ceardaíocht dhifriúil	3.11	a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid
Meáin	1.14	meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú	2.14	meáin a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú	3.14	na meáin a úsáid ina shaothar dearaidh féin bunaithe ar threoir le haghaidh dearadh

Ullmhúchán



Ullmhúchán an scoláire

Ba cheart go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir: Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh, d'fhonn saothar réadaithe a chruthú trína théama roghnaithe in *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*. Mar chuid de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama Amharc-ealaíne, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba cheart go mbeadh deiseanna ag an scoláire scileanna a fhorbairt ionas go mbeidh sé in ann tabhairt faoina shaothar ar an mbealach is cruthaithí agus is pearsanta agus is féidir. Ba cheart don scoláire a chinntiú go gcuimsíonn sé gnéithe na hAmharc-ealaíne i ngach céim dá shaothar. Ina theannta sin, caithfidh an scoláire a thaispeáint go ndearna sé measúnú ar a dhul chun cinn ó am go chéile san obair ar fad a dhéanann sé, mar shampla, trí nótaí pearsanta, agus gur chuir an measúnú sin bonn eolais faoina dhul chun cinn i dtreo saothar réadaithe. Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba cheart é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ón tús ar fad, ba cheart go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

Ullmhúchán an mhúinteora

Ba cheart don mhúinteoir, agus é ag ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 1, eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- Sonraíocht Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí
- Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí.

Tá múinteoir ealaíne amháin i bhformhór na scoileanna ach tá roinnt scoileanna ann ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin. Scríobhadh an t-eolas thíos chun aghaidh a thabhairt ar na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus na comhthéacsanna sin san áireamh.

Scoileanna ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin

Tugtar faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 laistigh den tréimhse atá leagtha amach ag CNCM dó. Maidir le scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin, moltar go ndéanfadh na múinteoirí atá i gceist an measúnú a phlé le comhghleacaithe agus go ndéanfaidís teagasc agus foghlaim a phleanáil. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe is féidir. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tar éis don scoil an dáta sin a shocrú, beidh an múinteoir agus an scoláire in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe, *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*, a chríochnú. B'fhéidir nach mbeidh an próiseas ar siúl ag an am céanna i ngach scoil, mar a léiríonn an sceideal¹ i dTábla 2. Mar sin féin, ní mór an Measúnú Rangbhunaithe, *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*, a chríochnú faoi dheireadh an dara bliain.

Scoileanna ina bhfuil múinteoir ealaíne amháin

Tugtar faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 laistigh den tréimhse atá leagtha amach ag CNCM dó. Maidir le scoil ina bhfuil múinteoir ealaíne amháin, moltar go ndéanfadh an múinteoir na socruithe measúnaithe a phlé le lucht bainistíochta/le héascaitheoir na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí ó scoil/eanna in aice láimhe agus le dul i mbun comhordú leo. Dá bhrí sin, thiocfadh leis an múinteoir teagasc agus foghlaim ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a phleanáil agus, in éineacht lena chomhghleacaithe ó scoileanna in aice láimhe, dáta a shocrú le haghaidh cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe is féidir agus na foirne bainistíochta scoile uile a chur ar an eolas fúthu. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Más féidir, ba cheart go n-óstálfadh scoil amháin an cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus ba cheart don scoil sin an t-éascaitheoir a chur ar fáil fosta. Má táthar chun úsáid a bhaint as scoil, ba cheart go gcuirfí an cruinniú ar siúl sna scoileanna uile atá páirteach ach an láthair a athrú gach bliain. D'fhéadfaí ionaid eile a úsáid freisin má tá gach duine atá páirteach sásta leis sin. Tar éis an dáta a shocrú, beidh an múinteoir agus an scoláire in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe, *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*, a chríochnú. B'fhéidir

¹ Cuirfear tráthchlár náisiúnta maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fad le haghaidh gach ábhair ar fáil go bliantúil.

nach mbeidh an próiseas ar siúl ag an am céanna i ngach scoil, mar a léiríonn an sceideal¹ i dTábla 2 ach, ós rud é go bhfuil scoileanna nach bhfuil ach múinteoir ealaíne amháin iontu ag teacht le chéile san Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, ba cheart go socrófaí tréimhse chomhchoiteann ag an tús ar fad. Ní mór an Measúnú Rangbhunaithe, *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*, a chríochnú faoi dheireadh an dara bliain.

An tréimhse a gcríochnaíonn an scoláire <i>Ó Phróiseas go Cur i gcrích</i> lena linn	Dé Luain, 7 Eanáir go dtí Dé hAoine, 15 Aibreán 2019
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir Tuairisceoirí	Dé Céadaoin, 20 Bealtaine 2019
An dáta deiridh le haghaidh Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	Dé Céadaoin, 27 Bealtaine 2019

Tábla 2: Na dátaí chun Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích: *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*

Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích: *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*



Críochnófar *Ó Phróiseas go Cur i gcrích* laistigh de cheithre mhí. Maidir le Measúnú Rangbhunaithe 1, rachaidh an scoláire i ngleic lena théama roghnaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabhróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint. Seo a leanas na ceithre chéim sin:

- Taighde
- Smaointe tosaigh
- Próiseas forbartha
- Saothar réadaithe

1. Taighde

I dtús báire, ba cheart don scoláire an téama agus an snáithe a bhfuil an méid is níos mó suime aige iontu a phlé lena mhúinteoir, lena chomhscoláirí agus le daoine eile. Más rud é go bhfuil sé ag obair i ngrúpa, ba cheart dó iad sin a phlé le baill eile den ghrúpa freisin. Nuair a phiocann na scoláirí i ngrúpa a rogha téama agus snáithe, ba cheart dóibh a ról agus a dtasc(anna) faoi seach a shocrú ionas go mbíonn gach ball den ghrúpa feasach ón tús ar an méid a chuirfidh siad féin leis an obair. Má athraíonn na ról nó an tasc/na tascanna sin i rith na tréimhse a chaitear ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1, ní mór don scoláire nóta a dhéanamh de sin de réir mar a théann an obair ar aghaidh. Más rud é go mbíonn scoláire ag obair leis féin, caithfidh sé nóta a dhéanamh dá théama agus dá shnáithe roghnaithe. Lena chois sin, ní mór don scoláire nóta a dhéanamh dá dháta tosaithe agus den dáta críochnaithe ar an gcéad leathanach eile a bhíonn ar fáil ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne. Cuideoidh sé sin leis an obair atá le déanamh a phleanáil. Beidh an leathanach sin mar an chéad leathanach dá chuid oibre le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 1.

Caithfidh an scoláire leas a bhaint as bunfhoinsí mar ábhar spreagtha. Ní foláir don scoláire a chuid smaointe agus cinntí a thairfeadh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne féin. Má táthar ag obair mar chuid de ghrúpa, díreofar sa mheasúnú ar ról agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonar leis an obair. Tá sé tábhachtach go ndéanann gach scoláire a bhíonn páirteach sa ghrúpa nóta beacht dá pháirt féin sa phróiseas agus den mhéid a chuireann sé féin leis an obair ghrúpa. Ba cheart do gach scoláire an méid a chuireann sé féin leis an obair go pearsanta, mar aon leis na cinntí a rinneadh agus a socraíodh i rith an phróisis, a thairfeadh. Féadfar é sin a dhéanamh trí nótaí agus trí fhíseanna anótáilte cuí. Mar shampla, cé gur cheart don scoláire machnamh a dhéanamh ar réitigh fhéideartha nó ar chineálacha cur chuige den sórt céanna a bhí ag ealaíontóirí eile, ceardaithe eile, dearthóirí eile nó ailtirí eile, ba cheart go mbeadh freagairt an duine féin nó freagairt an ghrúpa féin i gceist leis an obair.

2. Smaointe tosaigh

Ba cheart don scoláire, is cuma más ag obair leis féin nó ag obair i ngrúpa atá sé, roinnt smaointe luatha a bhaint as a obair thaighde. B'fhéidir go gcuirfí in iúl sna smaointe sin an treo a rachaidh an obair níos faide anonn sna céimeanna forbartha i dtreo saothar réadaithe. Maidir le cur chuige, caithfidh an scoláire aonair nó an grúpa leas a bhaint as spreagthaigh bhunfhoinsí agus caithfidh an scoláire aonair nó an grúpa gnéithe na hAmharc-ealaíne a chuimsiú freisin.

3. Próiseas forbartha

Déanann an scoláire cuid mhór forbartha ar a smaointe tosaigh sa bhloc sceitseála Amharc-ealaíne, mar shampla, trína úsáid as ábhair éagsúla, meáin, meáin mheasctha, grianghraif, sceitsí, uirlisí agus teicneolaíocht, nótaí agus machnamh ar a chuid oibre. Cuirfidh sé sin ar chumas an scoláire gnéithe na hAmharc-ealaíne a chuimsiú.

4. Saothar réadaithe

Féadfaidh an scoláire cinneadh a dhéanamh a shaothar réadaithe a chur i gcrích sa bhloc sceitseála Amharc-ealaíne féin nó, ag brath ar a roghanna tosaigh i leith téama agus snáithe, féadfaidh sé é a fhorbairt mar dhéantúsán, mar shampla, pictiúr. Tá sé tábhachtach go ndéantar an saothar iniúchta agus an saothar forbartha a choinníonn an scoláire ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne a chur isteach siocair gur ábhar é Amharc-ealaín atá bunaithe ar phróisis. Tá sé chomh tábhachtach céanna go gcuirtear an saothar réadaithe isteach, áfach. Ba cheart go mbeadh dul chun cinn an scoláire ó cheapadh go réadú le feiceáil go soiléir.

Fianaise ar fhoghlaim

Nuair a bhreathnaítear ar an mbloc sceitseála Amharc-ealaíne in éineacht le saothar réadaithe an scoláire, nó na scoláirí i gcás obair ghrúpa, ba cheart go mbeadh na míreanna seo a leanas le feiceáil:

- Taighde agus an obair thrialach, iniúchta agus forbartha ina dhiaidh sin, mar aon le nótaí, taifeadta sa bhloc sceitseála Amharc-ealaíne
- Gnéithe na hAmharc-ealaíne cuimsithe san obair ar fad atá déanta
- Saothar réadaithe, curtha i gcrích
- Machnamh an scoláire ar a chinntí, ar a phróiseas agus ar a shaothar réadaithe

Caithfidh an scoláire machnamh ar a fhoghlaim a chur i gcrích freisin mar chuid den obair a chuireann sé isteach. Caithfidh gach scoláire, is cuma má chuir sé an obair i gcrích leis féin nó mar chuid de ghrúpa, machnamh a dhéanamh ar an méid oibre a rinne sé féin go pearsanta agus é a chur san áireamh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne. D'fhéadfaí é sin a chur san áireamh i léaráid, i scríbhinn, i mír fuaime/físeáin nó i bhformáid oiriúnach eile de réir mar a shocraíonn an scoláire i gcomhar lena mhúinteoir. Má dhéantar é a thaifeadadh go digiteach, níor cheart go mairfeadh an machnamh níos faide ná trí nóiméad. Maidir leis an bhfianaise ar fhoghlaim a chuirtear isteach lena measúnú, tabharfar breithiúnas uirthi i gcoinne na nGnéithe Cailíochta ábhartha thíos.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Ó Phróiseas go Cur i gcrích



Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora in *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d’obair an scoláire.

Na Gnéithe Cáilíochta: Ó Phróiseas go Cur i gcrích	
Tuairisceoir	Na Gnéithe Cáilíochta
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint an-mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid an-mhaith astu ▪ Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna an-mhaith ▪ Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal an-mhaith ar fud na hoibre
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid mhaith astu ▪ Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna go maith

<p>a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal maith ar fud na hoibre
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint réasúnta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid réasúnta astu ▪ Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna réasúnta ▪ Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal réasúnta ar fud na hoibre
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint teoranta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid teoranta astu ▪ Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna teoranta ▪ Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal teoranta ar fud na-hoibre

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirínte measúnaithe agus
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

Na chéad chéimeanna eile



Cruinniú Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheofar comhthuiscint ar chaighdeán na Sraithe Sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí a sholáthair CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar samplaí de Mheasúnú Rangbhunaithe 1 de chuid na scoláirí i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Mar ullmhúchán don chruinniú don Athbheithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

Cé go bhfuil sé níos éasca an próiseas seo a eagrú i scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin, mura bhfuil ach múinteoir ealaíne amháin sa scoil, moltar go bpléifeadh an múinteoir Ealaíne na socruithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile in aice láimhe agus comhordú leo. Féadfaidh an múinteoir agus a chomhghleacaithe dul i mbun pleanála agus dáta a shocrú maidir leis an Athbheithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cur i bhfeidhm agus athbheithniú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Arís, coinneoidh an múinteoir samplaí den saothar i dtaca le *Ó Phróiseas go Cur i*

gcrích lena bplé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dTuirisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann in Aguisín A agus ar líne ar <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuirisciú/cruinnithe-afmá>

Tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair na scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an obair ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuirisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Is é an príomhdháta a chaithfear a shocrú ar an gcéad dul síos ná an dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Nuair atá an dáta sin á shocrú, ba cheart don scoil treoir a fháil ó na Dátaí Tábhachtacha do na Measúnuithe Rangbhunaithe ó CNCM ar <https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle> agus <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuirisciú/cruinnithe-afmá>. Tar éis don scoil an dáta seo a shocrú, beidh an múinteoir agus an scoláire in ann pleanáil do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe.

Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba cheart ‘Neamhthuiriscithe’ a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar:

<https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/An-Tionscadal-Bunachar-Sonraí-ar-Líne-d'Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html>

Aiseolas a úsáid

Má táthar le leas a bhaint as *Cuir in iúl agus Déan Machnamh* chun tacú leis an bhfoghlaim in Amharcealaín, tá sé fóirtheachtach go gcuirfí aiseolas éifeachtach ar fáil. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nuair atá torthaí an chruinnithe sin próiseáilte. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo chomh maith leis an obair a dhéanfaidh sé mar chuid den mheasúnú deiridh stát-deimhnithe. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim>.

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a phléifidh le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

Measúnú Rangbhunaithe 2: Cuir in iúl agus

Déan Machnamh

Luaitear sa tsonraíocht d'Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí go dtugann sí “spás don fhoghlaiméoir ina bhfuil sé sábháilte triail a bhaint as rud nua, teipeadh agus foghlaim... Éascaíonn agus spreagann sí ceisteanna a d’fhéadfadh foghlaiméoir tarraingt anuas agus é ag dul ar shlí nach dtagann an toradh a rabhtas ag súil leis as nó a dtiocfadh toradh seachas mar a bhí beartaithe as. Tugann sí an cumas dó smaointe, mothúcháin agus tuairimí a thuiscint agus a chur in iúl, a chuid féin agus cuid daoine eile.”

Tá an dara Measúnú Rangbhunaithe, *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*, tábhachtach cionn is go dtugann sé am don scoláire tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna agus ar an eolas a mbainfidh sé leas astu agus é ag cur a chuid oibre i gcrích mar chuid den mheasúnú deiridh stát-deimhnithe. Tugann sé am chun taighde a dhéanamh; chun rudaí a thriail; agus chun na smaointe, na scileanna agus na teicnící a fhorbairt; tugann sé spás agus am nach bhfuil aon bhrú leo don scoláire chun an méid sin uile a dhéanamh. Ina theannta sin, tugann sé deis don scoláire foghlaim ó aon bhotúin a dhéanfaidh sé.

Cruthóidh an scoláire smaointe tosaigh óna théama/ó na téamaí roghnaithe agus déanfaidh sé taighde, iniúchadh agus forbairt orthu, tríd an dá shnáithe Amharc-ealaíne nár thug sé aghaidh orthu roimhe seo sa chéad Mheasúnú Rangbhunaithe. Déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar a scileanna agus ar a dhearcthaí leis. Más rud é nár cuireadh Measúnú Rangbhunaithe 1 i gcrích trí shaothar tríthoiseach, caithfear ceann de na snáitheanna roghnaithe i Measúnú Rangbhunaithe 2 a fhiosrú trí shaothar tríthoiseach.

Caithfidh an obair iniúchta sin a bheith bunaithe ar an téama/na téamaí a thugtar agus ní mór í a iniúchadh le bunfhoinní. B’fhéidir go mbeadh, nó nach mbeadh, tionchar ag an obair sin ar an treo a rachaidh obair an scoláire don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe ach ba cheart go mbeadh raon cur chuige a d’fhéadfadh an scoláire a úsáid san áireamh inti.

Caithfidh an scoláire an dara Measúnú Rangbhunaithe seo a chur i gcrích leis féin toisc go ndéanfar saothar forbartha agus saothair réadaithe ina dhiaidh sin a chur isteach don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe. Níl aon rogha obair ghrúpa i gceist maidir le Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích.

Coimeádfaidh an scoláire an t-ábhar óna bhloc sceitseála Amharc-ealaíne chun a bharúlacha tosaigh, a smaointe agus a thrialacha a roinnt, a chur i láthair nó a phlé. Lena chois sin, taispeánfaidh sé an chaoi a bhféadfadh an méid sin cruth a chur ar a obair don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe. Ba cheart don scoláire taifead agus machnamh a dhéanamh ar an aiseolas a fhaigheann sé óna mhúinteoir agus/nó óna chomhscoláirí mar chuid den phróiseas seo. Ba cheart go gcuirfí pleananna ar bith do na saothair chríochnaithe nó do na saothair réadaithe san áireamh san Fhoirm Cuir in iúl agus Déan Machnamh atá le fáil sa leabhar oibre ó Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Beidh sé sin mar bhunús na hoibre a chuirfidh sé i gcrích don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe.

Sonrófar na téamaí do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 agus don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe sa treoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an treoir ar fáil don scoláire gach bliain ag tús an tríú bliain den tsraith shóisearach. Úsáidfear an treoir sin le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2.

Leagtar amach i bhFíor 2 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích.



Fíor 2. An próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh

D'fhéadfadh an scoláire téama amháin nó níos mó a roghnú ó threoir Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Cruthóidh an scoláire smaointe tosaigh óna théama/ó na téamaí roghnaithe agus déanfaidh sé taighde agus iniúchadh orthu, tríd an dá shnáithe Amharc-ealaíne nár thug sé aghaidh orthu roimhe seo sa chéad Mheasúnú Rangbhunaithe. **Tabhair faoi deara gur samplaí iad na téamaí a liostaítear thíos.**

Is ríthábhachtach go mbaineann an scoláire leas as bunfhoinsí, a oireann don téama a phiocann sé, mar spreagthach.

Téamaí (roghnaíonn an scoláire téama amháin ón liosta thíos)
1. Amharc isteach, amharc amach

2. Meaisíní iontacha
3. Rudaí beaga...

Snáithe (roghnaíonn an scoláire an dá shnáithe eile nár tugadh aghaidh orthu i Measúnú Rangbhunaithe 1)

i. Ealaín
ii. Ceardaíocht
iii. Dearadh

Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 2, déanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:


- An téama/na téamaí a léirmhíniú
- An dá shnáithe Amharc-ealaíne trína nginfidh sé a shaothair réadaithe go príomha a chur in iúl
- Taighde a dhéanamh ar a chuid smaointe tosaigh agus iad a fhiosrú
- Dul i ngleic le gnéithe na hAmharc-ealaíne
- A obair agus nótaí ar fad a thaifeadadh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne
- A smaointe tosaigh a choimeád agus iad a chur i láthair a mhúinteora agus a chomhscoláirí
- An t-aiseolas a fuair sé óna mhúinteoir agus óna chomhscoláirí a thaifeadadh agus machnamh a dhéanamh air

Cuirfear obair ullmhúcháin agus obair thrialach an scoláire, a bhíonn ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne, i láthair faoin dáta deiridh a socraíodh do Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Maidir le gach snáithe, is iad seo a leanas na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*:

	EALAÍN		CEARDAÍOCHT		DEARADH	
Teanga Chriticiúil agus Amhairc	1.3	critic a dhéanamh ar shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc	2.3	machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le	3.3	teanga chriticiúil agus amhairc chuí a úsáid le freagairt do shaothar dearaidh agus critic a dhéanamh air

				teanga chriticiúil agus amhairc		
Líníocht	1.4	taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórthimpeall air a bhreathnú, a thaifeadh agus a anailísiú	2.4	a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadh agus le hanailísiú	3.4	treoir le haghaidh dearadh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí
	1.6	líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl	2.5	A smaointe i gcomhair obair cheardaíochta a fhorbairt trí líníocht	3.5	Triail a bhaint as rud le smaointe dearaidh trí thaighde agus trí líníocht anailíseach
Cultúr agus Léirthuisicint Amhairc	1.8	samplaí den amharc-ealaín stairiúil agus chomhaimseartha a phlé	2.8	scéal, siombailí agus feidhmeanna a úsáidtear in obair cheardaíochta óna chultúr féin agus ó chultúir eile ar fud an domhain a léirmhíniú	3.8	cleachtais dearaidh stairiúla agus chomhaimseartha a phlé
Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha	1.11	úsáid na ngnéithe ealaíne agus na bprionsabail deartha ina shaothar ealaíne féin a mheas	2.11	taighde a dhéanamh ar úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha in obair cheardaíochta stairiúil agus chomhaimseartha óna chultúr féin agus ó chultúir eile	3.11	a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid
Meáin	1.15	léirmheas a dhéanamh ar an rogha meán ina shaothar féin nó i saothar daoine eile.	2.15	an rogha meán ina obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint	3.15	coincheapa dearaidh agus úsáid meán ina shaothar féin nó i saothar daoine eile a chosaint

Ullmhúchán



Ullmhúchán an scoláire

Ba cheart go mbeadh dóthain eolais, scileanna agus tuisceana forbartha ag an scoláire chun an dara Measúnú Rangbhunaithe, *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*, a dhéanamh. Beidh deiseanna aige, i rith na sraithe sóisearaí, plé agus léirmheas a dhéanamh ar a shaothar féin, ar shaothar a chomhscoláirí agus ar shaothar ealaíontóirí/ceardaithe/dearthóirí eile. Beidh deiseanna aige údar a thabhairt leis an saothar sin fosta. Rachaidh sé leis an téama a bhfuil suim phearsanta aige ann agus cruthóidh sé obair bunaithe air sin; déanfaidh sé iniúchadh ar smaointe agus bainfidh sé triail as réimse meán. Tugann Measúnú Rangbhunaithe 2 deis don scoláire a chuid smaointe a chur in iúl go soiléir maidir leis an treo a d'fhéadfadh sé dul lena shaothar nuair a dhéanfaidh sé tuilleadh forbartha air don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe.

Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige freisin agus ba cheart é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don mhúinteoir, don scoláire agus do thuismitheoirí ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ón tús ar fad, ba cheart go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear lena chuid oibre a mheas.

Ullmhúchán an mhúinteora

Ba cheart don mhúinteoir, agus é ag ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 2, eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- Sonraíocht Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí
- Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí: Treoirínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí.

Tá múinteoir ealaíne amháin i bhformhór na scoileanna ach tá roinnt scoileanna ann ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin. Scríobhadh an t-eolas thíos chun aghaidh a thabhairt ar na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus na comhthéacsanna sin san áireamh.

Scoileanna ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin

Ní mór tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2 laistigh den tréimhse atá leagtha amach ag CNCM dó. Maidir le scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin, moltar go ndéanfaidh na múinteoirí an measúnú a phlé le comhghleacaithe agus go ndéanfaidís teagasc agus foghlaim a phleanáil. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe is féidir. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tar éis don scoil an dáta sin a shocrú, beidh an múinteoir agus an scoláire in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe, *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*, a chur i gcrích. B'fhéidir nach mbeidh an próiseas ar siúl ag an am céanna i ngach scoil, mar a léiríonn an sceideal² i dTábla 4.

Scoileanna ina bhfuil múinteoir ealaíne amháin

Ba cheart tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2 laistigh den tréimhse atá leagtha amach ag CNCM dó. Maidir le scoil ina bhfuil múinteoir ealaíne amháin, moltar go ndéanfaidh an múinteoir Ealaíne na socrúithe measúnaithe a phlé le lucht bainistíochta/le héascaitheoir na scoile ar mhaithe le dul i dteagmháil le múinteoirí ó scoileanna in aice láimhe agus le dul i mbun comhordú leo. Dá bhrí sin, thiofadh leis an múinteoir teagasc agus foghlaim ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a phleanáil agus, in éineacht lena chomhghleacaithe ó scoileanna in aice láimhe, dáta a shocrú le haghaidh cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe is féidir agus na foirne bainistíochta scoile uile a chur ar an eolas fúthu. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Más féidir, ba cheart go n-óstálfadh scoil amháin an cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus ba cheart don scoil sin an t-éascaitheoir a chur ar fáil fosta. Ba cheart go gcuirfí an cruinniú ar siúl sna scoileanna uile atá páirteach ach an láthair a athrú gach bliain. D'fhéadfaí ionaid eile a úsáid freisin má tá gach duine atá páirteach sásta leis sin. Tar éis an dáta a shocrú, beidh an múinteoir agus an scoláire in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe, *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*, a chur i gcrích. B'fhéidir nach mbeidh an próiseas ar siúl ag an am céanna i ngach scoil, mar a léiríonn an sceideal² i dTábla 4 ach, ós rud é go

² Cuirfear tráthchlár náisiúnta maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fad le haghaidh gach ábhair ar fáil go bliantúil.

bhfuil scoileanna nach bhfuil ach múinteoir ealaíne amháin iontu ag glacadh páirte i gcrúinniú aonair Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, ba cheart tréimhse choiteann a chomhaontú ón tús.

An tréimhse ina gcaitheann an scoláire trí mhí ag déanamh taighde, ag baint triail as rudaí agus ag cruthú saothair le haghaidh <i>Cuir in iúl agus Déan Machnamh</i> agus an dáta deiridh faoina bhfuil an uile chur i láthair agus mhachnamh le cur i gcrích	Idir Dé Luain, 9 Meán Fómhair 2019 agus Dé hAoine, 29 Samhain 2019 Ba cheart go mbeadh gach cur i láthair agus machnamh críochnaithe faoi Dé hAoine, 29 Samhain 2019
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir Tuairisceoirí	Faoi Dé hAoine, 6 Nollaig 2019
An dáta deiridh le haghaidh Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	Faoi Dé hAoine, 13 Nollaig 2019

Tábla 4: Na dátaí maidir le Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Cuir in iúl agus Déan Machnamh

Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Cuir in iúl agus Déan

Machnamh



Críochnófar an obair a bhaineann leis an ullmhúchán don dara Measúnú Rangbhunaithe, *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*, taobh istigh den tréimhse atá leagtha amach ag CNCM dó. Maidir le Measúnú Rangbhunaithe 2, coimeádfaidh an scoláire an obair thaighde agus thrialach a chruthaigh sé bunaithe ar a théama roghnaithe agus an dá shnáithe eile den tsonraíocht, agus cuirfidh sé an obair sin i láthair chomh maith. Lena chois sin, déanfaidh an scoláire an t-aiseolas a fhaigheann sé a thaifeadadh. Bainfidh sé leas as sin le machnamh a dhéanamh ar threo/nna a chuid oibre go dtí seo agus ar an treo a d'fhéadfadh sí dul don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe.

1. Taighde

Déanann an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2 ar bhonn aonair. Ba cheart don scoláire an téama/na téamaí is mó a bhfuil suim aige ann/iontu a phlé lena mhúinteoir, lena chomhscoláirí agus/nó le daoine eile. Ba cheart dó nóta a dhéanamh dá théama/théamaí agus dá shnáitheanna roghnaithe, den dáta tosaithe agus den dáta críochnaithe ar an gcéad leathanach eile a bhíonn ar fáil ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne siocair go gcuideoidh sé sin leis an obair atá le déanamh a phleanáil. Beidh an leathanach sin ar an gcéad leathanach dá chuid oibre le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo.

Caithfidh an scoláire leas a bhaint as bunfhoincíní mar ábhar spreagtha. Ní foláir don scoláire a chuid smaointe agus cinntí a thaifeadadh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne. Ba cheart don scoláire taighde a dhéanamh ar ábhar mar chabhair lena obair sa Mheasúnú Rangbhunaithe. Cé gur cheart don scoláire machnamh a dhéanamh ar réitigh fhéideartha nó ar chineálacha cur chuige den sórt céanna a bhí ag ealaíontóirí eile, ceardaithe eile, dearthóirí eile nó ailtirí eile, ba cheart go mbeadh freagairt an scoláire féin i gceist leis an obair.

2. Obair iniúchta

Ba cheart don scoláire taighde a dhéanamh agus roinnt smaointe luatha a bhaint as, rud a chuirfidh an treo a rachaidh a obair iniúchta agus thrialach in iúl. Maidir le cur chuige, caithfidh an scoláire leas a bhaint as spreagthaigh bhunfhoinsé agus gnéithe na hAmharc-ealaíne a chuimsiú ina obair thrialach. Níor mhór go mbeadh freagairt phearsanta an scoláire féin san áireamh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne, lena n-áireofaí breathnuithe nó cinntí móra a dhéanann sé i rith an ama seo.

3. Cuir i láthair

Cruthóidh an scoláire saothar ina mbeidh a thaighde agus a iniúchadh le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Coimeádfaidh an scoláire an saothar seo agus cuirfidh sé a chineálacha cur chuige, a smaointe agus a theicnící in iúl dá chomhscoláirí agus dá mhúinteoir. Féadfaidh an scoláire cur i láthair a dhéanamh le míreanna amhail líníochtaí breathnaitheacha, grianghraif, líníochtaí oibre, treoirphleananna, pleananna i gcomhair déantúsán, scéalchláir agus déantúsáin. Ba cheart go mbeadh nádúr agus raon an tsaothair a chuireann an scoláire i láthair fairsing go leor le go gcuirfí an treo a d'fhéadfadh an saothar dul don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe in iúl. Déanann an scoláire é sin trína obair thaighde agus iniúchta thosaigh a chur i láthair agus trí phlé a dhéanamh uirthi agus ar na treonna a d'fhéadfadh sí dul. Is é an aidhm atá leis sin go mbeidh an scoláire ábalta aiseolas a bhailiú. Níor mhór go ndéanfaí machnamh an scoláire agus an t-aiseolas a thaifeadadh ar fud a bhloic sceitseála Amharc-ealaíne chun cuidiú leis an Fhoirm Cuir in iúl agus Déan Machnamh sa leabhar oibre ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit a chomhlánú mar chuid den mheasúnú deiridh níos déanaí.

Fianaise ar fhoghlaim

Nuair a bhreathnaítear ar obair thaighde, obair iniúchta agus obair thrialach an scoláire ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne, in éineacht leis an obair a chuir sé i láthair agus leis an machnamh ar an aiseolas a fuair sé, ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas le feiceáil:

- An bailiúchán saothar coimeáda, ina gcuimsítear gnéithe na hAmharc-ealaíne
- An t-aiseolas a fuarthas
- Machnamh ar an aiseolas a fuarthas.

Maidir leis an bhfianaise ar fhoghlaim a chuirtear isteach lena measúnú, tabharfar breithiúnas uirthi i gcoinne na nGnéithe Cáilíochta ábhartha a leagtar amach thíos.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Cuir in iúl agus Déan

Machnamh



Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora in *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d’obair an scoláire.

Na Gnéithe Cáilíochta: Amharc-ealaín – Cuir in iúl agus Déan Machnamh	
Thar barr ar fad Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none">▪ Léiríonn an obair léirmhíniú an-mhaith ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail▪ Tá an taighde a chuirtear i láthair diongbháilte, pearsanta agus cothaithe▪ Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint an-mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid an-mhaith astu▪ Tá an machnamh an-mhaith agus léirítear tuiscint an-mhaith ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh
Os cionn na n-ionchas Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde	<ul style="list-style-type: none">▪ Léiríonn an obair léirmhíniú maith ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail▪ Tá an taighde a chuirtear i láthair diongbháilte agus pearsanta▪ Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid mhaith astu

<p>a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Tá an machnamh go maith agus léirítear tuiscint mhaith ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Léiríonn an obair léirmhíniú réasúnta ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail ▪ Tá an taighde a chuirtear i láthair diongbháilte ▪ Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint réasúnta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid réasúnta astu ▪ Tá an machnamh réasúnta agus léirítear tuiscint réasúnta ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Léiríonn an obair léirmhíniú teoranta ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail ▪ Tá an taighde a chuirtear i láthair teoranta ▪ Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint teoranta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid teoranta astu ▪ Tá an machnamh teoranta agus léirítear tuiscint teoranta ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh

Cuirfead na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe agus
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

Na chéad chéimeanna eile



Cruinniú Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheofar comhthuiscint ar chaighdeán na Sraithe Sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí a sholáthair CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeán agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar samplaí de Mheasúnú Rangbhunaithe 2 de chuid na scoláirí i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Mar ullmhúchán don chruinniú don Athbheithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

Cé go bhfuil sé níos éasca an próiseas seo a eagrú i scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin, mura bhfuil ach múinteoir ealaíne amháin sa scoil, moltar go bpléifeadh an múinteoir Ealaíne na socruithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile in aice láimhe agus comhordú leo. Féadfaidh an múinteoir agus a chomhghleacaithe dul i mbun pleanála agus dáta a shocrú maidir leis an Athbheithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cur i bhfeidhm agus athbheithniú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Arís, coinneoidh an múinteoir samplaí den saothar i dtaca le *Cuir in iúl agus Déan Machnamh* lena bplé ag na cruinnithe Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dTuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann in Aguisín A agus ar líne ar <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá>

Tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair na scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an obair ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Is é an príomhdháta a chaithfear a shocrú ar an gcéad dul síos ná an dáta don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Nuair atá an dáta sin á shocrú, ba cheart don scoil treoir a fháil ó na Dátaí Tábhachtacha do na Measúnuithe Rangbhunaithe ó CNCM ar <https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle> agus <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá>. Tar éis don scoil an dáta seo a shocrú, beidh an múinteoir agus an scoláire in ann pleanáil do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe.

Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadh agus a thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba cheart ‘Neamhthuairiscithe’ a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar: <https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/An-Tionscadal-Bunachar-Sonraí-ar-Líne-d'Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html>

Aiseolas a úsáid

Má táthar le leas a bhaint as *Cuir in iúl agus Déan Machnamh* chun tacú leis an bhfoghlaim in Amharcealaín, tá sé fíorthábhachtach go gcuirfí aiseolas éifeachtach ar fáil. Cuirfear an scoláire ar an eolas

faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nuair atá torthaí an chruinnithe sin próiseáilte. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo chomh maith leis an obair a dhéanfaidh sé mar chuid den mheasúnú deiridh stát-deimhnithe. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim>.

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a phléifidh le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar *Cuir in iúl agus Déan Machnamh*, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

An measúnú deiridh stát-deimhnithe

Beidh na treoracha ar fad don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe i dtreoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Beidh sí ar fáil don scoláire ag tús an tríú bliain den tSraith Shóisearach.

Is í an Fhoirm *Cuir in iúl agus Déan Machnamh* an túsphointe don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe. Ní mharcálfaidh scrúdaitheoir Choimisiún na Scrúduithe Stáit an obair a chuirtear i gcrích do Mheasúnú Rangbhunaithe 2; beidh measúnú déanta air sin ag an múinteoir cheana féin.

Aguisín A: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeán a bhfuiltear ag súil leo

agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil na scoláirí ag fáil aitheantais iomchuí dá gcuid éachtaí ar aon dul le caighdeán agus le hionchais.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun gach cruinniú

athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an róil sin ar a sheal.

Beidh gach cruinniú:

- ag baint go sonrach le hábhar amháin
- thart ar dhá uair an chloig ar fad
- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrach.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar a seal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d'obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a thagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba cheart a chur i bhfeidhm, ba cheart don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheasúnú a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid (féach Aguisín B) ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile.

Níor cheart don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Roimh an gcruinniú

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé cabhrú leis na múinteoirí dá n-athbhreithneoidís cuid de na samplaí anótáilte ábhartha ó CNCM sula gcinneann siad aon rud faoi obair a scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn a Mheasúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích ag scoláire, déanfaidh an múinteoir réamh-mheasúnú ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na réamh-

mheasúnuithe sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a tharlaíonn ag an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon pointe eile a theastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d'úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

I rith an chruinnithe

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinniú agus coinníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (féach Aguisín B). Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba cheart aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláire faoin gcaoi a bhféadfadh sé a chuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*.
- I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinniú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba cheart don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d'obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d'obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.
- Ba cheart don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba cheart díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba cheart díriú i gcónaí i rith na gcruinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á ndearbhú ar chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann 'ar an iomlán' don obair atá á mheas a roghnú.

- Cé gur cheart am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba cheart don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.
- Más féidir, ba cheart dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba cheart don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe.
- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais*, *Os cionn na n-ionchas* agus *Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar phríomhphointí an chuir agus cúitimh.
- Tá sé tábhachtach go dtugann gach múinteoir aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinniú don chuid eile d'obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin, go háirithe i gcás tuairisceoirí nár tháinig a mbreithiúnas le tuairimí thromlach na múinteoirí sa chruinniú.

I ndiaidh an chruinnithe

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúnuithe sealadacha. I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cuireann an t-éascaitheoir a thuarascáil ón gcruinniú faoi bhráid príomhoide na scoile. Díritear sa tuarascáil ar thorthaí an chuir agus cúitimh ar obair na scoláirí sa chruinniú.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar na múinteoir, más maith leis, roinnt d'obair a scoláirí a chur leis an taise samplaí

- chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua
- chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- le húsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

Aguisín B: Cruinniú Athbhreithnithe ar

Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Tuairisc an Éascaitheora

Ábhar:	Dáta/am:
Daoine i láthair	
Na príomhchinntí a rinneadh	
Pointí le tabhairt faoi deara i gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo	
Aon cheo eile?	

Éascaitheoir

Dáta

Aguisín C: Foirm Shamplach Cuir in iúl agus

Déan Machnamh

Ar mhaithe le cuidiú leis an scoláire machnamh ar a smaointe agus ar a shaothar, agus ar an aiseolas a fhaigheann sé óna chur i láthair, a chur isteach, ní mór úsáid a bhaint as an bhFoirm Cuir in iúl agus Déan Machnamh atá le fáil sa leabhar oibre ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Is féidir cóip den fhoirm thíos a íoslódáil ó <http://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Visual-Art?lang=ga-IE>.

Measúnú Rangbhunaithe 1:

Maidir le **Measúnú Rangbhunaithe 1**, ba é an Téama a roghnaigh mé:

Maidir le **Measúnú Rangbhunaithe 1**, ba é an Snáithe a roghnaigh mé (cuir tic sa bhosca cúí):

Ealaín

Ceardaíocht

Dearadh

Maidir le **Measúnú Rangbhunaithe 1**, bhí saothar tríthoiseach i gceist le mo shaothar (cuir tic sa bhosca cúí):

Bhí

Ní raibh

Measúnú Rangbhunaithe 2:

Ba é mo dháta tosaithe:

Ba é mo dháta deiridh:

Maidir le **Measúnú Rangbhunaithe 2**, ba é an Téama a roghnaigh mé:

Maidir le **Measúnú Rangbhunaithe 2**, ba iad mo dhá Shnáithe eile (cuir tic sna boscaí cúí):

Ealaín

Ceardaíocht

Dearadh

Choimeád mé samplaí ón saothar atá cruthaithe agam go dtí seo agus chuir mé i láthair mo mhúinteora agus mo chomhscoláirí iad.

Cúiseanna

Is iad na príomhchúiseanna ar roghnaigh mé an saothar a chuir mé i láthair:

Aiseolas

Luadh i gcuid den aiseolas a fuair mé:

Machnamh

Bunaithe ar mo smaointe, ar an obair a rinne mé go dtí seo agus ar an aiseolas a fuair mé, mar chuid de m'obair sa dá shnáithe eile ba mhaith liom m'obair ealaíne a fhorbairt trí:

Déantán 1: _____

Déantán 2: _____
